AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Imlitir 0011/2014

Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bhunscoileanna, Mheánscoileanna, Phobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta

Forfheidhmiú ar ailt 2.24 agus 2.25 de Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2013 – 2016 (Comhaontú Bhóthar Haddington) d'Oifigigh Cléireachais agus Feighlithe fostaithe i Scoileanna Náisiúnta faoi Scéim 1978/79 agus Oifigigh Chléireachais fostaithe in Iar-Bhunscoileanna faoi Scéim 1978

1. Aidhm

1.1. Is í aidhm na hImlitreach seo ná fostóirí sna hearnálacha bunscoile agus iarbhunscoile a chur ar an eolas faoi shocruithe don fhorfheidhmiú ar ailt 2.24 agus 2.25 de Chomhaontú Bhóthar Haddington (HRA) maidir le foireann ar thuarastail idir €35,000 agus €65,000 (lena n-áirítear liúntais i nádúr pá) a bhfuil an pointe deiridh ar an scála incriminteach sroichte acu cheana féin nó a shroichfidh an pointe deiridh ar an scála incriminteach roimh 31 Nollaig 2015.

2. Forfheidhmiú

2.1. Is é an dáta éifeachtúil d'fhorfheidhmiú na mbeart seo ná 1 Iúil 2013 ag teacht le forálacha an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2013 agus Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2013 – 2016 (Comhaontú Bhóthar Haddington), ag féachaint d'alt 7 den Acht.

2.2. Chun críocha na hImlitreach seo, glactar leis gurb é is ciall le tuarastal ná tuarastal a chuimsíonn liúntais i nádúr pá ar liúntais inphinsin seasta tréimhsiúla iad.

2.3. Beidh forálacha na hImlitreach seo i bhfeidhm ar roinnteoirí oibre nó ar oibrithe páirtaimseartha ar bhonn pro-rata lena gcomparadóir coibhéise lánaimseartha (FTE).

2.4. Ní bhaineann an fhoráil seo ach leis na gráid sin a bhfuil liúntas 24 lá nó níos mó in aghaidh na bliana de shaoire bhliantúil agus saoire ghaolmhar. Chun críocha na forálach seo, meastar gurb iad laethanta saoire bliantúla iad na laethanta saoire bliantúla agus gaolmhara (m.sh. laethanta seirbhíse) uile.

2.5. Ní bhaineann an fhoráil seo le fostaithe atá ar thuarastail phointe shingil.

2.6. Ba chóir a nótáil, má tá incrimintí fadseirbhíse (LSIanna) i bhfeidhm, go meastar gurb í an LSI deiridh an pointe deiridh ar an scála incriminteach chun na críocha seo.

2.7. Mura bhfuil aon treoir ón bhfostaí malairt modhanna ranníocaíochta airgid a roghnú, is é an seasamh réamhshocraithe ná go **laghdófar** an liúntas saoire bliantúla don fhostaí ábhartha. Beidh fostaithe faoi réir ag an laghdú sa saoire nó is féidir leo asbhaint ón tuarastal a roghnú. Tá na roghanna seo comheisiatach feadh téarma HRA. Beidh iarratais ar níos mó na 2 lá den asbhaint a bheith tógtha in aon bhliain ar leith faoi réir ag cead ón mbainistíocht áitiúil, ag féachaint d'Alt 7 den Acht um Eagrú Ama Oibre i dtéarmaí na dteidlíochtaí íosta reachtúla atá ag fostaí.

3. Socruithe

Don fhoireann sin ar thuarastail idir €35,000 agus €65,000 (lena n-áirítear liúntais i nádúr pá), beidh na socruithe seo a leanas i bhfeidhm:

3.1 Baill foirne a shroich an pointe deiridh ar an scála incriminteach roimh 2013 nó le linn 2013.

- Laghdú de 6 lá de shaoire bhliantúil, nó
- Asbhaint airgid ón tuarastal de shuim is ionann le luach 6 lá de shaoire bhliantúil, nó
- Asbhaint airgid ón tuarastal de shuim is ionann le glanluach leath den incrimint is déanaí (asbhaint airgid le ríomh faoi réir ailt 4 thíos).

3.2 Baill foirne a shroicheann an pointe deiridh i 2014

- Laghdú de 4 lá de shaoire bhliantúil, nó
- Asbhaint airgid ón tuarastal de shuim is ionann le luach 4 lá de shaoire bhliantúil, nó
- Asbhaint airgid ón tuarastal de shuim is ionann le glanluach thrian den incrimint is déanaí (asbhaint airgid le ríomh faoi réir ailt 4 thíos).

3.3 Baill foirne a shroicheann an pointe deiridh i 2015

- Laghdú de 2 lá de shaoire bhliantúil, nó
- Asbhaint airgid ón tuarastal de shuim is ionann le luach 2 lá de shaoire bhliantúil, nó
- Asbhaint airgid ón tuarastal de shuim is ionann le glanluach cheathrú den incrimint is déanaí (asbhaint airgid le ríomh faoi réir ailt 4 thíos).

4. Ranníocaíochtaí Tuarastail a Ríomh

4.1. Bainfear na ranníocaíochtaí airgid ón nglantuarastal sna cásanna uile i.e. glan ar asbhaintí reachtúla lena n-áirítear Cáin agus Á.S.P.C., Asbhaintí a Bhaineann le Pinsean srl. Dá réir sin, déanfar asbhaintí a ríomh (maidir le laethanta saoire bliantúla nó incrimintí) ar an oll-luach agus a laghdú faoi 62%.

4.2. Is ionann na ranníocaíochtaí le déanamh ón tuarastal agus an ranníocaíocht iomlán atá de dhíth faoin bhforáil seo do théarma Chomhaontú Bhóthar Haddington (go dtí Iúil 2016).

4.3. Baileofar an asbhaint airgid ón tuarastal ar bhonn céimnithe thar 12 mhí.

5. Cur in iúl don Fhoireann

5.1. Déan cinnte, le do thoil, go dtarraingítear aird na foirne ábhartha uile atá fostaithe agat, iad siúd atá ar saoire neamhláithreachta san áireamh, ar ábhar na hImlitreach seo.

5.2. Is féidir an Imlitir seo a rochtain ar shuíomh gréasáin na Roinne faoi http://www.education.ie.

Ba chóir téarmaí na himlitreach seo a choimeád do chúiseanna iniúchta.

_____

Padraig Maloney
Príomhoifigeach
31 Eanáir 2014